Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2025 (OR. en)**

**15652/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0365 (NLE)**

**ECOFIN 1551**
**UEM 560**
**FIN 1403**
***ECB***
***EIB***

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 711 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE<br>lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 711 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 711 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.11.2025
COM(2025) 711 final

2025/0365 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta**

{SWD(2025) 371 final}

2025/0365 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh do Mhálta an plean téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a chur isteach an 13 Iúil 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 5 Deireadh Fómhair 2021 d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 le Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023[3] agus an 20 Meitheamh 2025[4].

(2) An 31 Deireadh Fómhair 2025 rinne Málta iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag Málta.

***Caibidil REPowerEU bunaithe ar Airteagal 21c de Rialachán 2021/241***

(3) Sa chaibidil REPowerEU tá beart nua amháin C7-I2 (Infheistíocht in athchóiriú agus i nglasú fhoirgnimh na hearnála príobháidí) ar infheistíocht nua é lena dtugtar aghaidh ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh agus, ar an gcaoi sin, lena laghdaítear spleáchas Mhálta ar bhreoslaí iontaise.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

---

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj
2 ST 11941/21 INIT; ST 11941/21 ADD 1.
3 ST 11202/23 INIT; ST 11202/23 ADD 1.
4 ST 9589/25 INIT; ST 9589/25 ADD 1; ST 9589/25 ADD 1 COR.

(4) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir Málta isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 34 bheart.

(5) Tá sé mínithe ag Málta nach féidir beart amháin a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla agus moilleanna soláthair gan choinne. Baineann sé sin le beart C2-I4 (Cuid den fhlít iompair phoiblí a athsholáthar). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Málta go mbainfí an beart sin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(6) Tá sé mínithe ag Málta nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh mar gheall ar mhoilleanna ar na hoibreacha foirgníochta mar gheall ar shrianta teicniúla. Baineann sé sin le beart C1-I2 (Infheistíocht in athchóiriú agus iarfheistiú ospidéal poiblí). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Málta go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(7) Tá sé mínithe ag Málta nach féidir trí bheart a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla agus moilleanna soláthair. Baineann sé sin le beart C3-I2 (Digiteáil Stiúrthóireacht an Loingis Trádála laistigh de Transport Malta), beart C3-I3 (Digiteáil bhreise agus nuachóiriú an riaracháin phoiblí), agus beart C7-I1 (An líonra dáileacháin leictreachais a neartú agus a leathnú, trí infheistíochtaí san eangach, i seirbhísí dáileacháin agus i stóráil ceallraí). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Málta go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(8) Tá sé mínithe ag Málta nach féidir beart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar gheall ar an éileamh ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis. Baineann sé sin le beart C3-I4 (Bearta a rolladh amach chun digiteáil na hearnála príobháidí a threisiú). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Málta go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(9) Tá sé mínithe ag Málta go bhfuil leasú déanta ar dhá bheart mar gheall ar mhoilleanna sa phróiseas soláthair. Baineann sé sin le beart C6-R3 (Atreisiú a dhéanamh ar chumas an chreata institiúidigh an t-éilliú a chomhrac; Cur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Frithchalaoise agus Frith-Éillithe (NAFCS)) agus le beart C6-I1 (An digiteáil sa chóras ceartais). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Málta go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(10) Tá sé mínithe ag Málta go bhfuil leasú déanta ar bheart amháin mar gheall ar mhoilleanna gan choinne a bhaineann le suaitheadh sa slabhra soláthair domhanda. Baineann sé sin le beart C1-I5 (Infheistíochtaí fuinnimh in-athnuaite i mbóithre agus i spásanna poiblí). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Málta go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(11) Mhínigh Málta go ndearnadh aon bheart amháin a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme ar mhaithe le huaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. Baineann sé sin le beart C1-I1 (Infheistíocht in athchóiriú agus glasú foirgneamh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear iarfheistiú trí éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainne). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Málta go ndéanfaí an beart sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(12) Mhínigh Málta go ndearnadh 24 bheart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus chun Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a shimpliú agus cuspóirí na mbeart lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le bearta: C1-R2 (Bainistiú éifeachtach dramhaíola a chothú trí chreat láidir rialachais dramhaíola lena n-áirítear an córas bailithe dramhaíola a athchóiriú), C2-R1 (Glacadh agus cur chun feidhme beartas lena gcuirtear inbhuanaitheacht na hearnála iompair chun cinn a spreagadh, lena n-áirítear trí úsáid iompair chomhchoitinn agus ilmhódaigh a spreagadh), C2-R3 (Cur i gcrích agus cur chun feidhme Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe (PSUI) do Réigiún Vaileite a bhrostú), C2-R4 (Tionchar socheacnamaíoch agus comhshaoil feithiclí i limistéir uirbeacha a laghdú), C2-R6 (Bainistiú soghluaisteachta feabhsaithe sa tseirbhís phoiblí), C2-I2 (Feabhas a chur ar ghlacadh feithiclí leictreacha san earnáil phríobháideach), C2-I3 (Flít na hearnála poiblí a dhícharbónú), C3-I1 (Athléimneacht, slándáil agus éifeachtúlacht chnámh droma digiteach an rialtais a neartú agus infheistíocht a dhéanamh i réitigh, gléasanna agus uirlisí digiteacha iomchuí), C4-R1 (Creat beartais sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme atá dírithe ar an gcóras sláinte a dhéanamh níos inbhuanaithe agus níos athléimní, agus béim ar leith á leagan ar an tsláinte choisctheach agus ar lucht saothair láidir), C4-R2 (Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat reachtach náisiúnta a bhaineann le Lárionad Fola, Fíocháin agus Cealla a bhunú do Mhálta), C4-I1 (Lárionad Fola, Fíocháin agus Cealla a bhunú do Mhálta), C4-I2 (Feabhas a chur ar athléimneacht an chórais sláinte trí dhigiteáil agus teicneolaíochtaí nua), C5-R1 (Bearta coisctheacha luathfhágáil na scoile a neartú, agus béim á leagan ar shealbhú scileanna), C5-R2 (Forbairt agus aitheantas scileanna a neartú, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine fásta ar bheagán oiliúna), C5-R3 (Conairí nua oideachais a fhorbairt i dtreo oideachas cuimsitheach agus ardcháilíochta), C5-R4 (Córas éifeachtach faireacháin ar bheartas oideachais a chur chun feidhme), C5-R5 (Athléimneacht an mhargaidh saothair a threisiú), C6-R1 (Athchóiriú a dhéanamh ar mhodh ceaptha agus dífhostaithe na mbreithiúna), C6-R2 (Seirbhís ionchúisimh ar leithligh a chruthú), C6-R4 (An Buanchoimisiún in aghaidh an Éillithe (PCAC) a athchóiriú), C6-R5 (An Biúró um Aisghabháil Sócmhainní a athchóiriú), C6-R7 (Cur chun feidhme an athchóirithe maidir leis an athbhreithniú breithiúnach ar chinntí gan ionchúiseamh agus cinntí eile ón Ard-Aighne. Cuimsíonn sé sin stádas duine dhíobhálaithe a shannadh sa dlí d’institiúidí sonracha agus cleachtas éillitheach á thuairisciú acu), C6-R11 (Staidéar ar ábharthacht na mbeart a bhaineann le híocaíochtaí díbhinne, úis agus ríchíosa isteach agus amach) agus C7-R1 (Athbhreithniú ar chórais cheadaithe atá ann cheana chun próisis a chuíchóiriú agus dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Málta go ndéanfaí na bearta sin a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

(13) Tar éis bhaint na mbeart faoi Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241 agus an laghdaithe ar leibhéal a gcur chun feidhme, tá iarrtha ag Málta úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus leibhéal a gcur chun feidhme a laghdú chun trí bheart nua a chur leis agus leibhéal cur chun feidhme aon bhirt amháin a mhéadú. Baineann sé sin le beart C2-I4 (Cuid den fhlít iompair phoiblí a athsholáthar) a bhaint agus leis an laghdú ar leibhéal cur chun feidhme na mbeart seo a leanas: C1-I1 (Infheistíocht in athchóiriú agus glasú foirgneamh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear iarfheistiú trí éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainne), C1-I2 (Infheistíocht in athchóiriú agus iarfheistiú ospidéal poiblí), C3-I2

(Digiteáil Stiúrthóireacht an Loingis Trádála laistigh de Transport Malta), C3-I3 (Digiteáil bhreise agus nuachóiriú an riaracháin phoiblí), C3-I4 (Bearta a rolladh amach chun digiteáil na hearnála príobháidí a threisiú), C7-I1 (An líonra dáileacháin leictreachais a neartú agus a leathnú, trí infheistíochtaí san eangach, i seirbhísí dáileacháin agus i stóráil ceallraí). Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Málta go méadófaí leibhéal cur chun feidhme birt amháin (C2-I2 (Feabhas a chur ar ghlacadh feithiclí leictreacha san earnáil phríobháideach)) agus go gcuirfí trí bheart nua isteach, C2-R7 (Bearta chun an brú tráchta a laghdú), C3-I5 (Digiteáil mhóibíleach na héiceolaíochta uirbí), agus C3-I6 (Rannchuidiú le hUrrann an Bhallstáit faoin gclár InvestEU). Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna***

(14) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir Málta i láthair a chur san áireamh.

***Measúnú ón gCoimisiún***

(15) Tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Ag cur le cuspóirí REPowerEU***

(16) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (da), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.12 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, meastar go gcuirfidh an chaibidil REPowerEU go héifeachtach agus go mór (rátáil A) leis an tslándáil fuinnimh, le héagsúlú sholáthar fuinnimh an Aontais, le méadú ar ghlacadh foinsí in-athnuaite agus le héifeachtúlacht fuinnimh, le méadú ar acmhainneachtaí stórála fuinnimh nó leis an laghdú is gá ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise roimh 2030.

(17) Tá sé mínithe ag Málta nach féidir an infheistíocht i saoráid stórála ceallraí faoi bheart C7-I1 (An líonra dáileacháin leictreachais a neartú agus a leathnú, trí infheistíochtaí san eangach, i seirbhísí dáileacháin agus i stóráil ceallraí) a bhaint amach a thuilleadh laistigh d'amlíne na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Ar an mbonn sin, tá iarrtha ag Málta go mbainfí an fho-infheistíocht shonrach den bheart, agus ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 a leasú dá réir. Ní dhéanann sé sin difear don mheasúnú dearfach a rinneadh roimhe seo ar an gcaibidil REPowerEU, a leanann d'aghaidh a thabhairt ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise i Málta a laghdú, tríd an athchóiriú atá fágtha, is é sin C7-R1 (Athbhreithniú ar chórais cheadaithe atá ann cheana chun próisis a chuíchóiriú agus dlús a chur le nósanna imeachta deonaithe ceadanna le haghaidh tionscadail fuinnimh in-athnuaite), fo-infheistíochtaí faoi bheart C7-I1 (An líonra dáileacháin leictreachais a neartú agus a leathnú, trí infheistíochtaí san eangach, i seirbhísí dáileacháin agus i stóráil ceallraí) agus an beart nua C7-I2 (Infheistíocht in athchóiriú agus i nglasú fhoirgnimh na hearnála príobháidí).

***Ag cur leis an aistriú glas lena n-áirítear an bhithéagsúlacht***

(18) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.5 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chuireann go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as

sin. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide, is é sin 62 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe atá ann agus 100 % de chostais iomlána mheasta na mbeart sa chaibidil REPowerEU atá ann costais arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide don tréimhse 2021–2030.

(19) Tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag cur go mór leis an aistriú glas. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú glas an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe ó 68,8 % go 62,0 %. Is é is cúis leis an laghdú sin an laghdú ar bheart CI-I1 (Infheistíocht in athchóiriú agus i nglasú foirgneamh san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach, lena n-áirítear iarfheistiú trí bhearta éifeachtúlachta fuinnimh agus acmhainní), beart C1-I2 (Infheistíocht in athchóiriú agus iarfheistiú ospidéal poiblí) agus beart C7-I1 (An líonra dáileacháin leictreachais a neartú agus a leathnú, trí infheistíochtaí san eangach, i seirbhísí dáileacháin agus i stóráil ceallraí), chomh maith le beart C2-I4 (Cuid den fhlít iompair phoiblí a athsholáthar) a bhaint. Ba mhó iad sin ná an méadú ar bheart C2-I2 (Feabhas a chur ar ghlacadh feithiclí leictreacha san earnáil phríobháideach) agus tabhairt isteach an bhirt nua C7-I2 (Infheistíocht in athchóiriú agus i nglasú fhoirgnimh na hearnála príobháidí).

(20) Tá tionchar marthanach ag na bearta a bhaineann leis an aistriú glas sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, toisc go bhfuil sé d’aidhm ag na bearta glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh i Málta a chur chun cinn, spleáchas Mhálta ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh a mhéadú. Mar thoradh air sin, cuireann siad freisin le spriocanna 2030-2050 agus leis an gcuspóir Aontas aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050. Ní dhéanann raon na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

*Ag cur leis an aistriú digiteach*

(21) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.6 d’Iarscríbhinn V a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a chuireann go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. An méid airgid a ghabhann leis na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha, is é sin 26,9 % de leithdháileadh iomlán an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán sin.

(22) Tá na bearta sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe fós ag cur go mór leis an aistriú digiteach. Baineann na leasuithe ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach leis an laghdú ar an leithdháileadh maidir le trí bheart (C3-I2 (Digiteáil Stiúrthóireacht an Loingis Trádála laistigh de Transport Malta), C3-I3 (Digiteáil bhreise agus nuachóiriú an riaracháin phoiblí), C3-I4 (Bearta a rolladh amach chun digiteáil na hearnála príobháidí a threisiú)), a gcuirtear ina choinne trí bheart nua amháin a chur isteach (C3-I5 (Digiteáil mhóibíleach na héiceolaíochta uirbí)). Ar an iomlán, mar gheall ar na hathruithe thuasluaite sa leithdháileadh digiteach, tá glanmhéadú 0,7 pointe céatadáin, ó 26,2 % go 26,9 %, ar an méid foriomlán a chuirtear le sprioc dhigiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gceist leis na leasuithe ar phlean

téarnaimh agus athléimneachta Mhálta. Ní dhéanann raon teoranta na leasuithe difear do mheasúnú foriomlán an chritéir seo.

***Costáil***

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.9 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe maidir le méid na gcostas iomlán measta a bhaineann leis an bplean, tá an t-údar sin measartha maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé (rátáil B), tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(24) De réir na faisnéise a cuireadh ar fáil, sa mheasúnú ar na meastacháin ar chostais le haghaidh na mbeart nua agus le haghaidh na mbeart atá ann cheana a raibh measúnú costais nua i gceist lena gcuid modhnuithe, léirítear go bhfuil an chuid is mó de na costais réasúnta agus inchreidte. Ba i líon fíorbheag cásanna amháin nach raibh an mhodheolaíocht agus na ríomhanna a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh chomh daingean céanna. Cuireann sé sin bac ar rátáil A don chritéar measúnaithe seo. Ina theannta sin, bhí údar leis na hathruithe ar na meastacháin ar chostais i gcás na mbeart modhnaithe, bhí siad comhréireach leis na bearta athbhreithnithe nua agus thacaigh ríomhanna mionsonraithe agus fianaise leo, agus mar sin níor athraíodh réasúnaíocht ná sochreidteacht na meastachán sin ar chostais i gcomparáid leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta bunaidh. Ar deireadh, tá méid chostais iomlána mheasta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

***Aon chritéir mheasúnaithe eile***

(25) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir Málta chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta a mhéid a bhaineann le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (db), (g), (h), (j) agus (k).

***Measúnú dearfach***

(26) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, measúnú inar cinneadh go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, mar aon leis na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, maille leis an méid airgid a chuireann an tAontas ar fáil le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(27) Is é EUR 329 083 116 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe Mhálta. Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlán measta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil do Mhálta, an ranníocaíocht airgeadais arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa

agus ón gComhairle[5] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe Mhálta, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le EUR 328 230 928. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais arna cur ar fáil do Mhálta.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta leasaithe Mhálta ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Airteagal 2*
*Leasuithe*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta mar a leanas:

cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta Mhálta.

*Airteagal 3*
*Seolaí*

Is chuig Poblacht Mhálta a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[5] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).